C/2025/4540

13.8.2025

**Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/4540)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Aceite de las Sierras de Espadán y Calderona’**

**Uimh. AE: PDO-ES-03036 — 23.11.2023**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm/ainmneacha ATFC**

‘Aceite de las Sierras de Espadán y Calderona’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 15 – SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA AINMHÍOCHA NÓ PLANDÚLA

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Ola olóige úríon agus ola olóige íon a tháirgtear ó thorthaí an chrainn olóige (*Olea Europaea*, L.) den chineál Serrana de Espadán, cineál áitiúil, agus ó chineálacha eile i gcionmhaireachtaí níos lú, ar nós Villalonga, Canetera, Morruda agus Arbequina.

Ola olóige úríon:

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

— . Aigéadacht: < 0,8 %

— . Innéacs sárocsaíde: ≤ 20 mEq O2/kg

— . K270 < 0,22

— . K232 < 2,50

— . Airmheán fabhtanna

— . Airmheán torthaíoch > 0

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tréithe orgánaileipteacha:

— . Géire < 3,5

— . Searbhas < 3

Ola íon:

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

— . Aigéadacht: < 1,5 %

— . Innéacs sárocsaíde: ≤ 20 mEq O2/kg

— . K270 < 0,25

— . K232 < 2,60

— . Airmheán fabhtanna ≤ 3,5

— . Airmheán torthaíoch > 0

Tréithe orgánaileipteacha:

— . Géire < 3,5

— . Searbhas < 3

I dtéarmaí orgánaileipteacha, tá an ola milis, mín agus torthaíoch, gona himireacha d'almóinn ghlas agus d'fhéar úr, agus dath atá idir glas agus buí uirthi. Tá tréith ghlas ar leith ann, gona dhea-bholadh ológ agus bliosán de dhéine mheasartha, agus de thrátaí a fhástar amuigh faoin aer, le rianta d'fhéar nuabhainte. Sa bhéal, tá cothromaíocht idir milseacht agus géire, rud a thugann cuimilt bhog don scornach le tadhall éadrom searbhais ina dheireadh. Marthanach agus úr.

Maidir le cáilíochtaí orgánaileipteacha an bhlais agus na ndea-bholaithe a ndéantar anailís orthu sna blaistí rialaithe: má tá easpa iomlán fabhtanna ann, tugtar an t-aicmiú 'úríon', agus tugtar an t-aicmiú 'íon' má tá locht beag ann, cé go bhfuil na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha laistigh de na paraiméadair 'úríon'.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Ológa an chrainn olóige (*Olea Europea*, L.) de chuid na gcineálacha Serrana de Espadán, Villalonga, Canetera, Morruda agus Arbequina is ea na hamhábhair.

3.4. *Céimeanna táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Fástar, buantar agus próiseáiltear na hológa, agus ullmhaítear an críochtháirge sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfaidh aon ghnóthas pacáistíochta ola ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Aceite de las Sierras de Espadán y Calderona' a phacáistiú gan aon srian geografach. Ní mór an ola a phacáistiú i gcoimeádáin lena n-áirithítear go ndéantar an táirge a chaomhnú mar is ceart. Ní mór gach coimeádán a bheith slán i gcomhair bia.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Lipéadú: maidir le gach pacáistíocht, de gach cineál, a úsáidtear chun na holaí a chumhdaítear leis an ATFC a sheoladh, ní mór faisnéis aitheantais a bheith uirthi, bíodh sí inphriontáilte, nó ar lipéid ceangailte. Ní mór an t-ainm seo a leanas a bheith ar an lipéad: 'D.O.P. Aceite de las Sierras Espadán y Calderona' i gcarachtair shoiléire dhoscriosta, le cois na faisnéise a cheanglaítear faoi na rialacha maidir le lipéadú.

Ní mór lógó a bheith ann freisin i bhfoirm siombail shonrach sho-aitheanta a bhaineann go dlúth leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Sa limistéar táirgeachta le haghaidh na n-olaí a chumhdaítear leis an ATFC 'Aceite de las Sierras Espadán y Calderona', tá na bardais seo a leanas: Alfara de la Baronia, Alfondeguilla, Algar del Palancia, Algímia d'Alfara, Algimia de Almonacid, Almedijar, Altura, Arañuel, Artana, Azúebar, Castellnovo, Caudiel, Chóvar, Eslida, Estivella, Gátova, Geldo, La Vall d'Uixó, Náquera, Navajas, Olocau, Segorbe, Serra, Soneja, Sot de Ferrer, Teresa, Torres Torres agus Vall de Almonacid.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

An aeráid, na hithreacha agus an tírdhreach, is iad sin tosca nádúrtha sonracha an limistéir gheografaigh sin.

Tá na crainn ológ le fáil in anaclann dúlra an Espadán agus Calderona Sierras agus an limistéir máguaird. Áiteanna ardluacha nádúrtha atá iontu sin.

Aeráid

Is í aeráid na Meánmhara atá san aeráid: aeráid the ina mbíonn samhraí tirime agus triomach gearr i mí Eanáir. Is é an mheánfhrasaíocht bhliantúil 450 mm. Bíonn an teocht sa raon idir 8 °C i mí Eanáir agus 26 °C i mí Lúnasa.

An leoithne farraige agus an drúcht oíche, is iad sin na tosca aeráide a dhéanann idirdhealú idir an limistéar agus limistéir táirgthe ológ eile. Is mar sin atá ó tharla go bhfuil an Espadán agus Calderona Sierras chomh cóngarach sin don Mheánmhuir. An chóngaracht sin don chósta, ciallaíonn sé gur anoir a thagann an ghnáthghaoth sna sliabhraonta sin. Is gaoth í a bhíonn tais, gaoth ar a dtugtar an 'levant'. Nuair nach mbíonn báisteach ann bíonn sí bog, agus séideann sí nuair a bhíonn uainíochtaí tréimhsiúla ann sa grádán teirmeach. An leoithne farraige sin, éiríonn sí i dtrátha 10.00 a.m. agus bíonn sí tais, rud a théann go mór chun sochair do na crainn ológ sa samhradh.

Ar oícheanta glana, titeann an drúcht nuair a chomhdhlúthaíonn taise san aer ina braoiníní ar na crainn agus ar an talamh.

Mar gheall ar an meascán den drúcht agus den leoithne farraige, is ar éigean a bhíonn tionchar ag an strus maidir le huisce i limistéir eile ina bhfástar ológa ar na crainn ológ. Dá bhrí sin, ní athraíonn dath na n-ológ go tapa ó ghlas go dubh. Mar sin, tá leibhéil níos airde líocha clóraifille agus caraitéanóideacha ina n-ola ná ola ó ológa dorcha.

Ithreacha

Sa chuid oirthearach, is iad na hábhair thréasacha is mó atá in ithreacha siliciúla, go háirithe in Espadán Sierra. Sa chuid eile den limistéar, is í an aolchloch is mó atá ann. Tá na hithreacha go léir saibhir ó thaobh aoil de agus tá leibhéil ísle fosfair agus potaisiam iontu. Níl torthúlacht ná doimhneacht acu agus is beag acmhainn atá acu chun uisce a choinneáil.

Ciallaíonn ithreacha clochacha atá íseal ó thaobh cothaitheach de, gan aon uisciúchán, go bhfuil an ola níos milse agus nach bhfuil sí chomh searbh céanna i gcomparáid le holaí ó ithreacha doimhne.

Tírdhreach

Tírdhreach sléibhtiúil atá ann ina bhfuil fánaí géara. Is tír-raon míchothrom é agus tá an mheán-airde idir 350 agus 850 méadar os cionn leibhéal na farraige. Is ar léibhinn a fhástar crainn ológ, a n-aghaidh ó dheas agus soir den chuid is mó. Ar an gcaoi sin, faigheann siad níos mó gréine ná crainn ológ a fhástar ar leibhéal talún. Cé nach bhfuil an barr flúirseach, tá méid maith sna hológa.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

I dtéarmaí orgánaileipteacha, is olaí iad ola olóige úríon agus ola olóige íon an limistéir sin a bhfuil blas an-éadrom orthu, gona ndea-bholadh thar a bheith torthaíoch, le rianta d'almóinn ghlas agus d'fhéar úr, agus a bhfuil dath atá idir glas agus buí orthu.

Mar thoradh ar an mbuaint luath, tá torthaíocht shainiúil ag na holaí sin a chuireann ológa i gcuimhne atá idir glas agus aibí, agus saintréith na holóige glaise den chuid is mó iontu.

5.3. *Tosca daonna*

Fásadh na crainn ológ go traidisiúnta gan uisciú. Tá na crainn os cionn 100 bliain d'aois den chuid is mó, agus cuirtear iad ionas go mbeidh neart spáis ag gach crann. Ciallaíonn sin go bhfuil na crainn níos mó agus níos sine agus go bhfuil an táirgeadh níos lú in aghaidh an aonaid achair dromchla. Mar sin féin, tá an ola níos míne agus níos torthaíche.

Déantar prúnáil gach bliain. Is saintréith den limistéar é go ndéantar na crainn a phrúnáil sa samhradh nuair a bhaintear na péacáin is láidre de na brainsí. Ar an mbealach sin, faigheann na hológa níos mó gréine, rud a chuidíonn leo aibiú.

Is gá an phrúnáil sin a dhéanamh i gcás an chineáil Serrana de Espadán go háirithe, a tháirgeann péacáin ingearacha an-láidir. Mura mbaintear iad, lagaíonn siad go mór na craobhacha a bhfuil torthaí orthu.

Ní úsáideann táirgeoirí ach fíorbheagán cóireálacha cosanta plandaí toisc go bhfuil cineál Serrana an-fhrithsheasmhach in aghaidh na ngnáthlotnaidí a ionsaíonn crainn ológ.

Buantar na hológa go luath, sula mbíonn siad go hiomlán aibí, rud a chuireann níos mó béime ar thréith thorthaíoch na hola. Buantar iad díreach ón gcrann chun aon ocsaídiú nach bhfuil ag teastáil de dheasca scoilteadh cholainn na n-ológ a sheachaint nuair a thiteann na hológa go talamh. Dhéanfadh sé sin dochar do cháilíocht na hola trí leibhéil aigéadachta agus sárocsaídí a ardú, i measc nithe eile.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://breu.gva.es/b/bdz0uQIj0z